C/2025/6573

9.12.2025

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/6573)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, nós imeachta freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún ([1]) i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRAIDH AR LEASÚ AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

‘Savennières Coulée de Serrant’

PDO-FR-A0983-AM01

Dáta an iarratais: 13.10.2015

1. Rialacha is infheidhme maidir leis an leasú

Mórleasú (Airteagal 118q(2), an chéad abairt, de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007)

2. Iarratasóir agus leas dlisteanach

Fédération viticole de l’Anjou et de Saumur (Cónaidhm saothróirí fíniúna Anjou agus Saumur)

3. Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis

3.1. *Ainm*

Cuirtear ‘Coulée de Serrant’ in ionad ainm an ainmniúcháin.

Is é is cuspóir d’ainm an ATFC ‘Savennières Coulée de Serrant’ a athrú go ‘Coulée de Serrant’ feabhas a chur ar chosaint dhlíthiúil an ainm, chun a cháil sheanbhunaithe a chaomhnú ar bhealach níos fearr sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch araon.

Athraíodh ainm an ATFC ‘Savennières Coulée de Serrant’ go ‘Coulée de Serrant’. Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid údaráis na Fraince ar an bhforas go bhfágann cineál ilchodach ainm reatha an ainmniúcháin ‘Savennières Coulée de Serrant’, ag tagairt don ainmniúchán bardasach níos ginearálta ‘Savennières’, go bhfuil sé deacair cosaint éifeachtúil a áirithiú san Eoraip agus in áiteanna eile araon, go háirithe i gcás brandaí casta nó lipéid mhearbhlacha nó aithriseoireachta. Is mó fós an riosca a bhaineann le mí-úsáid, aithris nó leithreasú an ATFC sin i bhfianaise go n-onnmhairítear formhór an fhíona sin (70 %).

Tá an Coulée de Serrant ‘lieu-dit’ suite i mbardas Savennières.

3.2. *Athruithe eagarthóireachta*

Leis an tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir an timpeallacht gheografach agus saintréithe an táirge i bpointe X de Chaibidil 1 den tsonraíocht táirge, dearbhaítear arís agus arís eile tosaíocht agus cáil stairiúil ‘Coulée de Serrant’ ‘lieu-dit’, atá fréamhaithe go maith agus deimhnithe go minic i roinnt mhaith alt preasa sa Fhrainc agus ar an gcoigríoch.

Cuireadh an t-ainm ‘Coulée de Serrant’ in ionad an ainm ‘Savennières Coulée de Serrant’ i ngach cás sa tsonraíocht.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Soiléiríodh pointe X de Chaibidil 1 den tsonraíocht táirge freisin maidir le roinnt pointí, i gcomhréir leis an leasú ar an ainm:

— faoi phointe 1(a), an t-ochtú mír, maidir leis na focail: ‘féitheacha bolcánacha ar tháirg a n-ábhar aigéadach bunaidh riailít’ cuirtear na focail seo a leanas ina n-ionad: ‘agus leapacha fatanaíte ag malartú leis na sceallaí sin’;

— faoi phointe 1(b):

  — sa dara mír, tar éis na bhfocal: ‘ó shin i leith’ cuirtear isteach na focail seo a leanas: ‘fíon a tháirgtear ó na fíniúnacha sin’ agus maidir leis na focail: ‘fíonghort beag’ cuirtear na focail seo a leanas ina n-ionad: ‘lieu-dit’;

  — Sa tríú mír, maidir leis na focail: ‘chuige sin’ cuirtear na focail seo a leanas ina n-ionad: ‘go dtí an “lieu-dit”’;

  — cuirtear an méid seo a leanas in ionad an seachtú mír: ‘Tagraíonn roinnt téacsanna freisin don toirmeasc ar na fíniúnacha “a bhealú”, chun a gcothromaíocht a urramú trí chumas na hithreach amháin ualach íseal fhíonchaora chenin B a chothú.’;

  — cuireadh an abairt seo a leanas isteach i ndiaidh na míre deireanaí: ‘Tar éis an aitheantais sin, lean na fíonsaothraithe a shaothraíonn na fíniúnacha sin dá n-obair bhreathnóireachta chúramach agus rinne siad iarratas ar aitheantas mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe le haghaidh an “lieu-dit” sin; códaíodh a gcleachtais a d’eascair as stair shaibhir i sonraíocht táirge a formheasadh i mí na Samhna 2011 lenar aithníodh ina cheart féin an t-ainmniúchán tionscnaimh “Savennières Coulée de Serrant”, a ndearnadh “Coulée de Serrant” de ina dhiaidh sin.’;

— i bpointe 3:

  — ag tús an tríú mír, scriostar an abairt: ‘Is é cáilíocht eisceachtúil an táirgthe is cúis leis an gcáil sin.’;

  — cuirtear isteach mír a bhfuil an fhoclaíocht seo a leanas inti: ‘Sa lá atá inniu ann, tá cáil ar an bhfíon sin i measc tomhaltóirí eolasacha, ar cáil í a gnóthaíodh go cuí. Chomh maith leis an bpreas Fraincise nó an preas ina labhraítear Béarla, is minic a luaitear an t-ainmniúchán “Coulée de Serrant” i dtíortha tomhaltais eile, go háirithe sa tSeapáin agus sa Bhrasaíl. Déantar níos mó ná dhá thrian de tháirgeadh iomlán fhíonta “Coulée de Serrant” a onnmhairiú ón bhFrainc faoi láthair.’

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(nó ainmneacha)**

Coulée de Serrant

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta tirime*

Bíonn dath idir buí na tuí agus buí órga ar na fíonta. Is minic a bhíonn an dath níos éadroime i gcás fíonta tirime, go háirithe i gcás fíonta úra; éiríonn sé níos déine de réir mar a théann siad in aois. Is iondúil idir mhionbholaithe torthaíocha agus mhionbholaithe spíosracha nó deataithe a bheith ar a ndea-bholadh dian agus casta. I gcás fíonta tirime, d’fhéadfadh dea-bholaithe torthaíocha an aibreog nó an phéitseog a thabhairt chun cuimhne.

Fiú nuair a bhíonn na fíonta tirim, bíonn siad saibhir agus tiubhaithe sa bhéal, agus bíonn iarbhlas fada orthu a mbíonn mianracht agus úire i gceist leis.

Méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós): Uasmhéid 4 ghram in aghaidh an lítir

Tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le neart alcóil iomlán uasta, aigéadacht iomlán íosta, aigéadacht luaineach uasta agus cion iomlán dé-ocsaíde sulfair uasta na bhfíonta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	12,5
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíonta leathmhilse*

Bíonn dath idir buí na tuí agus buí órga ar na fíonta. Éiríonn an dath níos déine de réir mar a théann siad in aois, is fíor sin i gcás na bhfíonta leathmhilse agus na bhfíonta milse freisin. Is iondúil idir mhionbholaithe torthaíocha agus mhionbholaithe spíosracha nó deataithe a bheith ar a ndea-bholadh dian agus casta. Is iad na fíonta leathmhilse is mó a thugann cainche chun cuimhne. Is iondúil tiúchan is airde, saibhreas aramatach torthaíoch agus blas cothrom a bheith i gceist leis na fíonta leathmhilse.

Méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós): Níos mó ná 30 gram nó cothrom leis in aghaidh an lítir agus gan bheith níos mó ná 45 ghram in aghaidh an lítir

Tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le neart alcóil iomlán uasta, aigéadacht iomlán íosta, aigéadacht luaineach uasta agus cion iomlán dé-ocsaíde sulfair uasta na bhfíonta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,5
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Fíonta milse*

Bíonn dath idir buí na tuí agus buí órga ar na fíonta. Éiríonn an dath níos déine de réir mar a théann siad in aois, faoi mar a éiríonn na fíonta leathmhilse agus milse freisin. Bíonn dea-bholaithe torthaí triomaithe measctha le dea-bholaithe cainche sna fíonta milse. Le braistint shoiléir sailleach, cuireann na fíonta milse blas iomlán ar fáil sa bhéal chomh maith le blas a mhaireann ar feadh tréimhse as cuimse ar fáil.

Méid siúcra choipthigh (glúcós + fruchtós): Níos mó ná nó cothrom le 45 ghram in aghaidh an lítir

Tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le neart alcóil iomlán uasta, aigéadacht iomlán íosta, aigéadacht luaineach uasta agus cion iomlán dé-ocsaíde sulfair uasta na bhfíonta.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,5
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

(a) *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá toirmeasc ar aon chineál saibhrithe.

Tá toirmeasc ar aon chóireáil teasa ar fhómhar an fhíona nó ar an bhfíon ag teocht níos lú ná -5 °C nó os cionn 40 °C.

Tá toirmeasc ar gach páirt-dí-alcólú na bhfíonta.

Ní cheadaítear sliseanna adhmaid a úsáid.

Tá toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha.

2. Fíonóireacht

Srian maidir le fíonóireacht

Buantar na fíonchaora de láimh trí dhá roghnú triopall ar a laghad a dhéanamh ar an bhfíniúin.

Tá toirmeasc ar úsáid a bhaint as buainteoirí fíonchaor.

Déantar na fíonchaora a bhaint agus a iompar ansin trí úsáid a bhaint as boscaí nó araidí.

Cuirtear na fíonchaora isteach san fháisceán ina n-iomláine.

3. Treorú na bhfíniúnacha

Cleachtas saothraithe

Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandaithe íosta. Ní bheidh an spás idir na sraitheanna níos mó ná 2 m, agus ní mór an spás a fhágtar idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 1 m ar a laghad.

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil faoin 30 Aibreán ar a dhéanaí, trí phrúnáil mheasctha, agus 10 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna, nó trí phrúnáil Royat, agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna.

Ag an gcéim feineolaíochta a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog, ní mór 8 ngéag a thugann torthaí nó níos lú a bheith ar gach aon phlanda sa bhliain.

(b) *Uastáirgeacht*

1. Fíonta tirime

35 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta leathmhilse agus milse

30 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta i gcríoch an bhardais seo a leanas i roinn Maine-et-Loire: Savennières.

7. **Príomhfhíonchaora**

Chenin B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

8.1. Tá na foirmíochtaí geolaíocha mar chuid den Mhasaíf Armarcach. Is iad na foirmíochtaí scealla agus gaineamhchloiche agus na foirmíochtaí scealla ón tsraith Ordaivíseach uachtarach go dtí an tsraith Deavónach íochtarach is mó is cúis leis na hithreacha. Go háitiúil, tá leapacha tanaíte ag malartú leis na scealla sin. Ar na cnoic sin, bíonn an bhuncharraig an-ghar don dromchla de ghnáth. Bíonn an ithir éadomhain go ginearálta, ní bhíonn sí an-torthúil agus bíonn sí an-chlochach. Bíonn acmhainneacht suntasach draenála aici agus cúltaisce uisce íseal.

Tá aeráid an limistéir aigéanach. Le hardtailte Mauges san iarthar déantar an tsaintréith aigéanach sin a mhion-difreáil tríd an éifeacht Foehn. Ós rud é go bhfuil foscadh ag an limistéar áitiúil ó na gaotha taise, titeann 600 milliméadar báistí ar an meán gach bliain, i gcomparáid le níos mó ná 800 milliméadar ar chnoic Mauges. Bíonn an éagsúlacht sa líon báistí a thiteann níos soiléire le linn timthrialla fáis na bhfíniúnacha, go háirithe ó Mhí an Mheithimh go dtí tréimhse na buainte. Bíonn na meánteochtaí bliantúla sách ard (thart ar 12 °C). Mar sin féin, tá na tréithe sin níos suntasaí ar leibhéal méasaeráide. Baineann na fánaí géara a bhfuil a n-aghaidh ó dheas leas as gathanna na gréine, cuireann siad srian ar bhogthaise san aer agus ráthaíonn go mbíonn na dáileachtaí talún dea-aeráilte.

Bíonn ról tábhachtach rialála teasa ag abhainn an Loire ar na fánaí in aice láimhe, atá suite faoi na gnáthghaotha, agus dá bhrí sin leanann na teochtaí de bheith ard istoíche. Tá ról tábhachtach freisin ag an abhainn le linn thréimhse na buainte ós rud é go spreagann sí ceobhrán na maidine, rud atá fíor-riachtanach d'fhorbairt *Botrytis cinerea*.

Rinne manaigh Chistéirseacha fíonghoirt 'Coulée de Serrant' a phlandú in 1130 agus, ó shin i leith, rinneadh an fíon a tháirgtear ó na fíniúnacha sin a mhargú faoin ainm sin i gcónaí. Ar feadh na gcéadta blianta bhí an 'lieu-dit' sin faoi úinéireacht Château de Serrant, lonnaithe i mbardas comharsanach Saint-Georges-sur-Loire. Dá bhrí sin, choinnigh sé a ainm agus chuir sé go mór le cáil fhíonta an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe 'Savennières'. Scrios fiollocsaeire an fíonghort go páirteach in 1887. Athchruthaíodh é in 1894 agus lean úinéirí i ndiaidh a chéile d'úsáid a bhaint as na dáileachtaí talún.

Is cosúil gur cuireadh cineál Chenin B ar na fánaí sin i gcónaí. Ba ghearr gur léir na buntáistí a bhain le buaint dhéanach an chineáil sin trí úsáid a bhaint as teicnící sonracha. Tagraítear i roinnt téacsanna freisin don toirmeasc ar 'bhealú' na bhfíniúnacha, chun a gcothromaíocht a urramú trí chumas na hithreach amháin ualach íseal fhíonchaora Chenin B a chothú.

8.2. Bíonn na fíonta geal agus bíonn siad tirim den chuid is mó. Léiríonn a ndath idir buí na tuí agus buí órga galántacht áirithe. Léiríonn an boladh cumhracht aramatach, dhian agus chasta. Déantar mionbholaithe torthaíocha, a d'fhéadfadh cainche, aibreog, péitseog nó torthaí triomaithe thabhairt chun cuimhne, a mheascadh le dea-bholaithe spíosracha nó deataithe. Ach is é an ghné a bhaineann leis an bhfíon seo is mó a théann i gcion ar dhaoine an blas iontach atá air sa bhéal. Tugann tiúchan ard, saibhreas aramatach torthaíoch, cothromaíocht mhaith blasanna, agus láithreacht saille, toirt mhín don fhíon. Tá an t-iarbhlas thar a bheith fada, a mbaineann mianracht agus úire shoiléir leis, rud a thugann láithreacht dhochreidte don fhíon.

Soláthraíonn suíomh fabhrach ar thaobhanna géara fána le hais bhruacha an Loire, a shreabhann faoi cheo éadroim na maidine, suíomh idéalach ansin le haghaidh chineál Chenin B. Mar gheall ar shaintréithe uathúla an láithreáin sin (topagrafaíocht agus treoíocht den scoth, ithreacha an-tanaí ar bhonn slinnte, cóngaracht don Loire) is féidir buaint a bhaint amach atá beag ó thaobh cainníochta de ach atá i riocht foirfe aibíochta. Mar gheall ar fhréamhú dromchla na bhfíniúnacha agus aeráid shéimh, thirim agus ghrianmhar, tugann an leibhéal aibíochta sin a ndea-bholadh dian, a dtorthaíocht agus a dtoirt sa bhéal do na fíonta, ar féidir iad a thuiscint nuair a bhlaistear na fíonta tirime agus a éiríonn níos cumhachtaí sna fíonta leathmhilse agus milse, atá níos tiubhaithe.

Ciallaíonn tír-raon 'Coulée de Serrant', lena ithreacha éadomhain (0,15 m), go gcoinnítear an ithir i ndea-bhail go meicniúil nó trí chlúdach féir agus go rialaítear soláthar táirgí cosanta fíniúna a d'fhéadfadh beatha san fho-ithir a scriosadh agus oiriúnacht na ndáileachtaí talún le haghaidh fíonsaothrú a chur i gcontúirt. Is beag amhras atá ann gur nós é an seantoirmeasc ar 'bhealú' na fíniúna a díorthaíodh ó na céadta blianta breathnóireachta. Léiríonn teicníc na buainte i gcéimeanna éagsúla chun na fíonchaora a roghnú agus an fíoras nach bhfuil aon chleachtas ann as a dtagann saibhriú an mhian fíon íocónach a tháirgeadh ó na fíonghoirt sin. Caomhnaíonn brú agus teicnící traidisiúnta fíonóireachta cáilíochtaí an amhábhair. Cuireann an saineolas beacht sin, cuid de stair sheanbhunaithe an láithreáin fíonsaothrúcháin sin, le castacht dhea-bholadh na bhfíonta. Cuireann sé le cothromaíocht a mblasanna agus tugann sé dea-bholadh marthanach dóibh, a chuirtear i dtábhacht le húire agus mianracht sna fíonta tirime, chomh maith le toirt eisceachtúil sa bhéal, a spreagann a saibhreas agus a saill sna fíonta leathmhilse agus milse.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Ainm aonaid gheografaigh níos leithne

Creat dlíthiúil:

reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tá an t-ainm geografach 'Val de Loire' le feiceáil i litreacha nach bhfuil níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Léiriú ar an méid siúcra

Creat dlíthiúil:

reachtaíocht náisiúnta Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

ní mór tuairisc a thabhairt ar fhíonta ag a bhfuil méid siúcra choipthigh 30 gram in aghaidh an lítir ar a laghad i ngach doiciméad tráchtála, gach doiciméad loingseoireachta agus ar gach lipéad ina n-úsáidtear na téarmaí 'leathmhilis' nó 'milis' de réir an mhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) atá san fhíon, mar a leagtar síos le rialacha an Aontais. Cuirtear na sonraí sin ar na lipéid sa réimse radhairc céanna le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-9477ede0-2d47-454b-8ab6-d04804c978e1